



An Rialálaí
Carthanas
Charities
Regulator

AN TRÍÚ RÁITEAS STRAITÉISE

2022 - 2024



Deireadh Fómhair 2021



Clár Ábhar

Brollach	05
1. Réamhrá	07
2. Cé Sinne, Cad a Dhéanaimid, Ár gCistiú agus Ár nAcmhainní	08
3. Fís agus Misean	09
4. Luachanna	10
5. Cuspóirí Straitéiseacha, Méadrachtaí agus Gníomhartha	11
6. Ár nDul Chun Cinn a Rianú agus Tuairisc a Thabhairt Air	20
7. An Dóigh a Rannchuideoidimid le Beartais agus Straitéisí Náisiúnta a Chomhlíonadh	21



Brollach

Leagtar amach sa tríú Ráiteas Straitéise ón Rialálaí Carthanas don tréimhse 2022 – 2024 an dóigh a gcuirfimid leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh ó bunaíodh sinn i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus an dóigh a mbogfaimid níos gaire dár bhfís a bhaint amach, is é sin: earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.

Nuair a d'fhoilsíomar an dara ráiteas straitéise uainn trí bliana ó shin, ní fhéadfaimis a shamhlú cé chomh difriúil agus a bheadh an timpeallacht cúpla bliain ina dhiaidh sin mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Níl aon amhras ann ach gur tháinig dúshlán mhóra romhainn agus roimh ár leas-sealbhóirí araon ó mhí an Mhárta 2020 i leith. A bhuí le tiomantas daingean ár mBoird, ár mball foirne, ár máthair-roinne agus gach duine a d'oibrigh linn, agus a bhuí leis an tacaíocht a thug siad dúinn, bhíomar in ann oiriúnú agus freagairt do na dúshlán sin ar bhealach a chinntigh go raibh ár dtosaíochtaí straitéiseacha ina ngné lárnach dár gcuid oibre le linn na tréimhse éiginnte sin. Thug an obair agus an díriú sin bunsraith láidir le haghaidh an Straitéis seo a fhorbairt.

Fianaise ar luach agus tábhacht na hearnála carthanas dár sochaí le linn géarchéime is ea an ról lárnach a d'imir níos mó ná 11,400 carthanas cláraithe agus an bhreis agus 75,000 duine d'oibríthe deonacha tiomanta agus de bhaill foirne thiomanta atá acu, agus an ról lárnach a leanann siad le himirt, maidir le freagairt na hÉireann don phaindéim. Níl aon amhras ann ach go leanfaidh carthanas chláraithe le ról rithábachtach a imirt de réir mar a fhágaimid an phaindéim inár ndiaidh, agus cinnteoidimid go leanfaimid leis an treoir agus na huirlisí riachtanacha a sholáthar do charthanas chun gur féidir leo an dea-chleachtas ó thaobh rialachas a n-eagraíochta de a leabú agus, ar an mbealach sin, leanúint le tacaíocht a fháil ón bpobal, ó na maoinitheoirí agus ó na síntiúsóirí ar a mbraitheann siad.

Mar rialálaí, táimid fós tiomanta dá chinntiú go neartóidh ár gcuid oibre iontaoibh agus muinín an phobail as carthanas chláraithe. Gné lárnach de sin a dhéanamh is ea cur chuige rialála atá láidir agus comhréireach a bheith againn, rud lena gcothromaítear leas an phobail i gcarthanas chláraithe a choinneáil

cuntasach leis an ngá atá ann le carthanas chláraithe a spreagadh glacadh leis an dea-chleachtas ó thaobh rialachas a n-eagraíochta de agus an dea-chleachtas sin a leabú. Beidh ról rithábachtach ag an gCód Rialachais do Charthanas agus ag tiomantas leanúnach carthanas cláraithe don dea-chleachtas ó thaobh rialachais de maidir lenár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach ina leith sin. Oibreoidimid i gcomhar lenár leas-sealbhóirí chun caighdeán fhoriomlána rialachais a ardú ar fud fhorhmór mór na gcarthanas cláraithe in Éirinn thar thréimhse na Straitéise seo.

Ina theannta sin, déanfaimid an Clár Carthanas a fhorbairt tuilleadh ina fhoinse údarásach aonair le haghaidh sonraí faoin earnáil trí chaighdeán aicmiúcháin a chur san áireamh ann. Trí chaighdeán aicmiúcháin carthanas atá láidir agus oiriúnach don fheidhm a thabhairt isteach agus trí na sonraí sin a fhoilsiú ar an gClár le linn thréimhse na Straitéise seo, cabrófar le tuiscint níos fearr a ghnóthú ar an earnáil carthanas ina hiomláine agus cuirfear go mór le luach an Chláir do leas-sealbhóirí agus do pháirtithe leasmhara eile.

Cé go ndearnadh a lán dul chun cinn go dtí seo, aithnítear sa Straitéis seo go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh go fóill. Sa suirbhé a rinneamar ar an bpobal le déanaí, léiríodh an nasc atá ann idir feasacht an phobail ar an Rialálaí Carthanas agus ar an rialáil carthanas agus a mhéid a ghabh daoine den phobal do chleachtais eolacha tabhartha, lena n-áirítear an Clár Carthanas a sheiceáil chun a chinntiú go bhfuil eagraíochtaí cláraithe sula dtugann siad tabhartais dóibh. Mar chuid den Straitéis seo, neartóimid na hiarrachtaí atá ar bun againn chun feasacht an phobail a mhéadú ar an Rialálaí Carthanas agus ar an rialáil carthanas agus rachaimid i dteagmháil lenár leas-sealbhóirí chun bonn eolais a chur go leanúnach faoinár gcuid oibre.

Aithnímid freisin an tábhacht a bhaineann le leanúint lena mholadh go ndéanfaí leasuithe reachtacha a bhfuil géarghá leo a achtú trí Bhille Carthanas (Leasú) chun na leibhéal trédhearcachta agus chuntasachta ar léir go bhfuil an pobal ag súil leo a éascú. De réir anailís riosca a rinneadh le linn an Straitéis seo a fhorbairt, is é an bhagairt is mó ar chumas an Rialálaí Carthanas ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach ná mainneachtain na leasuithe riachtanacha sin a achtú.

Táimid fós tiomanta do dhul i dteagmháil lenár leas-sealbhóirí ar bhealach a chuireann bonn eolais faoinár gcuid oibre mar rialálaí agus a thugann deis fhiúntach do charthanais chlárartha agus do dhaoine eile aiseolas a thabhairt ar na saincheisteanna is ábhartha dóibh. Tá sé beartaithe againn cur leis an taithí a ghnóthaíomar go dtí seo, trínár gcuid cumarsáidí agus ábhar treorach foilsithe a scaipeadh ar thuilleadh daoine, go háirithe carthanais bheaga. Cinnteoidimid freisin go ndéanfar an léargas agus an t-aiseolas luachmhar a thug carthanais chlárartha dúinn mar chuid dár suirbhé le déanaí a úsáid mar bhonn le haghaidh tuilleadh machnaimh agus feabhais a dhéanamh ina leith sin.

Léirítear sa straitéis seo freisin an tiomantas atá againn dá chinntiú go leanfaidh an Rialálaí Carthanas le forbairt ina eagraíocht éifeachtach éifeachtúil trí chultúr eagraíochta atá comhoibríoch, tacúil agus cuimsitheach a chothú ar mhaithe le baill foirne chumasacha sheanchleachta a choinneáil agus ar mhaithe

le daoine cumasacha seanchleachta a mhealladh chun obair linn. Déanfaimid amhlaidh trí chleachtais sholúbtha oibre a fhorbairt, lena n-áirítear obair chumaisc, agus trínár n-inniúlachtaí digiteacha a fheabhsú tuilleadh. Le tacaíocht ónár máthair-roinn, bainfimid lán-neamhspleáchas corparáideach amach mar eagraíocht le linn thréimhse na Straitéise seo, áit a ndéanfaidh an Rialálaí Carthanas formhaoirseacht ar a fheidhmeanna acmhainní daonna, párolla agus pinsin féin.

Táimid tiomanta d'éisteacht lenár leas-sealbhóirí agus le gach duine a théann i dteagmháil lenár n-oifig ar mhaithe le feabhas leanúnach a chur ar a éifeachtúlacht agus a éifeachtaí atá ár soláthar seirbhíse. Díreofar go háirithe ar cháilíocht an eispéiris agus ar inrochtaineacht d'úsáideoirí seirbhíse.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár mBord, lenár mbaill foirne, leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus lena cuid oifigeach, leis an Aire Stáit ar a bhfuil freagracht as Forbairt Pobail agus as Carthanais, le gach duine a thacaigh lenár gcuid oibre go dtí seo agus le gach duine a chuaigh i dteagmháil linn chun aiseolas a thabhairt dúinn agus chun réimsí dírithe a mholadh dúinn le linn an Straitéis seo a fhorbairt. Braithimid ar thacaíocht leanúnach a fháil ón líon mór leas-sealbhóirí atá againn agus táimid ag tnúth le hobair i gcomhar leo thar an gcéad trí bliana eile chun an Ráiteas Straitéise seo, an tríú ceann dá leithéid uainn, a chomhlíonadh.



A handwritten signature in black ink, appearing to read 'Patrick Hopkins'.

Patrick Hopkins
Cathaoirleach



A handwritten signature in black ink, appearing to read 'Helen Martin'.

Helen Martin
Príomhfeidhmeannach

1. Réamhrá

Ba é an Grúpa Straitéisí Bainistíochta a d'fhorbair an Tríú Ráiteas Straitéise seo ón Rialálaí Carthanas, ag obair dó faoi threoir ag an gCoiste Pleanála Straitéisí, ar fochoiste de chuid Bhord an Rialálaí Carthanas é.

Agus an Straitéis seo á forbairt, aithníodh an tábhacht a bhaineann le dul i gcomhairle le raon leathan leas-sealbhóirí chun a dtuairimí a fháil ar a n-eispéiris leis an Rialálaí Carthanas agus ar thosaíochtaí amach anseo an Rialálaí Carthanas. Mar aon leis an mBord agus le baill foirne, áiríodh na leas-sealbhóirí seachtracha seo a leanas leo sin a ghlac páirt i gcomhairliúcháin maidir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha amach anseo:

- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- Boardmatch
- Ionad Carmichael
- Institiúid Carthanas Éireann
- Dóchas
- The Wheel
- Obair Dheonach Éireann
- An Coimisiún Carthanas do Thuaisceart Éireann
- An Coimisiún Carthanas do Shasana agus don Bhreatain Bheag
- Oifig Rialálaí Carthanas na hAlban

Ag obair dó faoi threoir ag sainchomhairleoir seachtrach, rinne an Grúpa Straitéisí Bainistíochta athbhreithniú ar an bhFís, ar an Misean agus ar na Luachanna ar dtús, agus athrú beag á dhéanamh aige ar an Misean agus ar na Luachanna. D'oibrigh sé leis an sainchomhairleoir ansin chun athbhreithniú a dhéanamh ar na haschuir ó na comhairliúcháin le leas-sealbhóirí, chun tabhairt faoi anailís sheachtrach agus inmheánach, chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí atá ann roimh chur chun feidhme rathúil agus chun oiriúnacht na gCuspóirí straitéiseacha a bhí sa dara ráiteas straitéise ón Rialálaí Carthanas, agus an dul chun cinn ar na cuspóirí sin, a mheas.

Dar le leas-sealbhóirí, ba é an príomhthosaíocht ná iontaobh agus muinín an

phobail a chothú. Ba é an príomhdhúshlán, dar leo, ná neamhspleáchas corparáideach a bhaint amach, áit a ndéanadh an Rialálaí Carthanas formhaoirseacht ar a fheidhmeanna acmhainní daonna, párolla agus pinsin féin. Iarradh go dtabharfaí tuilleadh tacaíochta do charthanais agus go mbeadh léiriú níos fearr tionchair ann. Nithe eile a measadh a bheith an-tábhachtach ná leasuithe reachtacha a dhéanamh agus an Ráiteas faoi Chleachtas Molta do Charthanais a thabhairt isteach. Sainaithníodh cistiú agus cumhdach mar phríomhrioscaí atá roimh an earnáil. Leag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail béim ar an ngá atá ann leis an straitéis seo a nascadh le beartais agus straitéisí ardleibhéil.

Maidir leis an anailís comparáide ar rialálaithe carthanas i ndlínsí eile, labhair gach ceann de na trí rialálaí a thug ionchur dúinn mar chuid de chéim chomhairliúcháin an phróisis forbartha straitéise faoin dúshlán a bhaineann leis an gcothromaíocht cheart a fháil idir tacaíocht agus forfheidhmiú, agus iad ag moladh go ndéanfaí forfheidhmiú trí chaidreamh.

Cinneadh formáid shimplí intomhaiste cuspóirí straitéiseacha, méadrachtaí agus gníomhartha a ghlacadh.

Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar thorthaí na gcomhairliúchán difriúil le leas-sealbhóirí, ar an anailís agus ar an athbhreithniú ar an dara straitéis uainn agus ar na rioscaí atá ann roimh chur chun feidhme rathúil na Straitéise seo, shainigh an Rialálaí Carthanas ceithre chuspóir straitéiseacha. I gCuspóir Straitéiseach 1 agus i gCuspóir Straitéiseach 4, leanadh le díriú ar iontaobh agus muinín an phobail a neartú agus ar sheirbhísí éifeachtúla feabhsaithe a sholáthar. Agus sinn ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an éileamh láidir ón earnáil go dtabharfaí tuilleadh tacaí do charthanais, thugamar aird ar an ról tábhachtach a imríonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus maoinitheoirí eile maidir le cistiú agus tacaí praiticiúla eile a sholáthar do charthanais agus don mhórearnáil pobail agus dheonach.

Agus sinn ag déanamh breithniú ar an aiseolas a fuarthas, dhíríomar, mar sin, ar an rannchuidiú ar leith a d'fhéadfadh an Rialálaí Carthanas a dhéanamh mar rialálaí. Ba é an toradh a bhí air sin gur cruthaíodh Cuspóir Straitéiseach 3, is é sin: an treoir riachtanach agus na hábhair riachtanacha a sholáthar do charthanas chláráithe chun gur féidir iad a rialú go maith. Tá ár gcuspóirí comhlíonta agus forfheidhmiúcháin cumhdaithe faoi chuspóir straitéiseach amháin anois, mar atá Cuspóir Straitéiseach 2.

Cuireann na méadrachtaí soiléire agus intomhaisteacht leis na cuspóirí straitéiseacha agus léiríonn na gníomhartha sonracha an dóigh a gcomhlíonfar na cuspóirí straitéiseacha.

Beidh na suirbhéanna a rinneadh ar an bpobal agus ar charthanas le déanaí ina mbonnlíne lenár féidir suirbhéanna ina dhiaidh sin a chur i gcomparáid ar mhaithe le méadrachtaí amach anseo a chinneadh agus ar mhaithe leis an tionchar a thomhas.

2. Cé Sinne, Cad a Dhéanaimid, Ár gCistiú agus Ár nAcmhainní

Tá an Rialálaí Carthanas ina chomhlacht reachtúil a rialálann carthanas in Éirinn. Oibrímid faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, ár máthair-roinn.

Is é atá i gceist lenár gcuid oibre ná carthanas a chlárú, Clár Carthanas atá ar fáil go poiblí agus ar féidir amharc air ar ár suíomh Gréasáin ag www.charitiesregulator.ie a chothabháil, a chinntiú go gcomhlíontar an dlí carthanas agus go gcomhlíonann iontaobhaithe na dualgais atá orthu i ndáil le carthanas chláráithe a rialú agus a bhainistiú, imscrúduithe a dhéanamh ar ghnóthaí carthanas cláráithe, agus ábhair threorach agus faisnéis a fhoilsiú faoi charthanas chláráithe in Éirinn.

11,500
An neaslíon carthanas
cláráithe.



€4.49m
An neasbhuiséad
bliantúil.



75,500
An neaslíon iontaobhaithe
carthanas.



43
An líon ball foirne.




18,000
An líon teagmhálacha
fóin agus ríomhphoist
a ndéileáiltear leo gach
bliain.




3. Fís agus Misean

Is iad seo a leanas an Fhís agus an Misean atá ag an Rialálaí Carthanas. Leagtar amach san Fhís an t-athrú ba mhaith linn a fheiceáil ar domhan agus leagtar amach sa Mhisean cén fáth arb ann dúinn agus cén dóigh a rannchuideoidimid leis an bhFís atá againn.



Fís

Earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.




Misean

An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail chun comhlíonadh an dlí carthanas a chinntiú agus chun tacú leis an dea-chleachtas i rialachas agus i riarachán carthanas.

4. Luachanna

Is iad Luachanna an Rialálaí Carthanas ná na tréithe agus na prionsabail a threoraíonn ár gcuid oibre. Déanaimid dianiarracht a chinntiú go léirítear ár luachanna inár gcuid gníomhartha, iompraíochta agus cinnteoireachta.



5. Cuspóirí Straitéiseacha, Méadrachtaí agus Gníomhartha

Cuspóir Straitéiseach **1**

Neartófar iontaoibh agus muinín an phobail as carthanais chláraithe

Cuspóir Straitéiseach **2**

Beidh an formhaoirseacht agus an mhaoirseacht rialála a dhéanann an Rialálaí Carthanas éifeachtach agus comhréireach

Cuspóir Straitéiseach **3**

Beidh an treoir riachtanach agus na hábhair riachtanacha ar fáil do charthanais chláraithe chun gur féidir iad a rialú go maith

Cuspóir Straitéiseach **4**

Oibreoidh an Rialálaí Carthanas go héifeachtúil agus soláthróidh sé seirbhísí feabhsaithe

Is iad seo a leanas na Cuspóirí Straitéiseacha. Má bhaintear amach iad, comhlíonfar Misean an Rialálaí Carthanas don tréimhse 2022-2024. Tá na Méadrachtaí deartha chun a bheith ina dtáscairí soiléire intomhaiste ar bhaint amach rathúil na gCuspóirí Straitéiseacha. Tugtar breacchuntas ardleibhéil sna Gníomhartha ar an dóigh a gcomhlíonfar na Cuspóirí Straitéiseacha.

Cuspóir Straitéiseach 1

Neartófar iontaoibh agus muinín an phobail as carthanais chláraithe.



Méadrachtaí

- Beidh méadú, ó 16% go 26%, tagtha ar an méadracht fhoriomlán maidir le hiontaoibh agus muinín an phobail. ¹
- Beidh méadú bliantúil 7% tagtha ar an líon cuardach a dhéantar ar an gClár.
- Beidh ainm an Rialálaí Carthanais cloiste ag 70% de na daoine den phobal a ndearnadh suirbhé orthu.

¹ Sa chéad Suirbhé a rinne an Rialálaí Carthanais ar an bPobal, rud a foilsíodh i mí Aibreáin 2021, thuiriscigh 16% de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu gur tháinig méadú ar an iontaoibh agus ar an muinín atá acu as carthanais sa dá bhliain roimhe sin. Beidh an dara Suirbhé ar an bPobal le déanamh ag deireadh na bliana 2022/i dtús na bliana 2023.



Gníomhartha

- Agus leas á bhaint as meascán de chainéil chumarsáide agus de mhodhanna cumarsáide, feachtais múscailte feasachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don phobal maidir leis na nithe seo a leanas:
 - Ról agus obair an Rialálaí Carthanas, rialáil carthanas, agus an Clár Carthanas.
 - An tábhacht a bhaineann le cinntí eolacha a dhéanamh agus am, airgead nó míreanna eile á dtabhairt.
 - An próiseas ábhar imní ar líne agus an ról a imríonn an pobal maidir le hábhair imní a chur in iúl don Rialálaí Carthanas.
- Obair chun a chinntiú go gcoinneofar an fhaisnéis atá léirithe ar an gClár Carthanas cothrom le dáta agus go n-áireofar leis an gClár faisnéis atá ábhartha don phobal.
- Sainaitheint agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bhealaí inar féidir trédhearcacht a mhéadú maidir le hairgeadas agus gníomhaíochtaí carthanas cláraithe, de réir an Achta Carthanas 2009.
- Leanúint lena mholadh go dtabharfaí an Bille Carthanas (Leasú) isteach chun an creat rialála a neartú do charthanas in Éirinn.
- An dara suirbhé ar an bPobal agus ar Charthanas a choimisiúnú agus na torthaí a phoibliú.
- Cur leis an tuiscint atá ag an bpobal ar an earnáil carthanas agus ar an ról a imríonn sí i sochaí na hÉireann trí thaighde a choimisiúnú agus a fhoilsiú ar an earnáil.


Cuspóir Straitéiseach 2

Beidh an formhaoirseacht agus an mhaoirseacht rialála a dhéanann an Rialálaí Carthanas éifeachtach agus comhréireach.



Méadrachtaí

- Beidh 85% de charthanas chláráithe ag comhdú a dtuarascálacha bliantúla in am.
- Beidh méadú bliantúil tagtha ar an líon carthanas cláráithe a mbíonn an Cód Rialachais do Charthanas á chur chun feidhme acu, bunaithe ar an bhfaireachán a dhéanann an Rialálaí Carthanas ar dhearbhuíthe maidir leis an gCód Rialachais.
- Beidh an Fhoirm Sonraí Carthanas curtha chun feidhme trí thairseach ar líne an Rialálaí Carthanas faoi dheireadh na bliana 2022.
- Áireofar leis an gClár Carthanas faisnéis aicmiúcháin faoi charthanas chláráithe faoi dheireadh na bliana 2023.



Gníomhartha

- Clár rioscabhunaithe a chur chun feidhme chun faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar charthanais chláraithe agus idirghabháil a dhéanamh ar bhealach comhréireach, agus sinn ag díriú ar na réimsí ar dóigh dóibh an tionchar is mó a bheith acu.
- Feachtas feasachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an pobal agus eagraíochtaí a oibríonn san earnáil pobail agus dheonach a chur ar an eolas faoi cad is carthanas ann agus faoi cad nach carthanas ann faoi dhlí na hÉireann.
- Clár spriocdhírthe comhlíonta agus forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm maidir le tuarascálacha bliantúla a chomhdú.
- Clár bliantúil iniúchtaí a chur chun feidhme ar shamplaí ionadaíocha carthanas cláraithe i ndáil le comhlíonadh dearbhaithe an Chóid Rialachais do Charthanais.
- Agus leas á bhaint as sonraí atá ag teacht chun cinn, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chlár atá ceaptha chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme praiticiúil an Chóid Rialachais do Charthanais ag carthanais chláraithe agus chun an cur chun feidhme sin a spreagadh.
- Measúnú a dhéanamh ar chruinneas na sonraí a shealbhaíonn an Rialálaí Carthanas faoi charthanais chláraithe agus bearta a chur chun feidhme chun a chinntiú gur cothrom le dáta, iomlán agus cruinn atá na sonraí carthanais a sholáthraíonn carthanais chláraithe don Rialálaí Carthanas.
- Caighdeán aicmiúcháin a fhorbairt i gcomhairle le leas-sealbhóirí agus an caighdeán sin a chur chun feidhme trí é a chur san áireamh sa Chlár.
- Leanúint le hobair i gcomhar le rialálaithe eile, le ranna rialtais agus le comhlachtaí poiblí chun sainaitheint a dhéanamh ar réimsí ina gcuirfeadh, agus ina dtacódh, comhoibriú go frithpháirteach le feidhmeanna reachtúla agus riaracháin gach páirtí a chur i gcrích.
- Sainaitheint agus iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann comhoibriú le comhlachtaí gairmiúla, le maoinitheoirí agus le daoine eile san earnáil carthanas chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - Tuiscint níos leithne a chothú ar an gcreat rialála lena rialaítear carthanais chláraithe
 - Sainaitheint a dhéanamh ar na cineálacha eolais agus cúnaimh a theastaíonn ó charthanais chláraithe chun gur féidir leo oibriú go héifeachtach agus de réir an chreata sin.


Cuspóir Straitéiseach 3

Beidh an treoir riachtanach agus na hábhair riachtanacha ar fáil do charthanais chláraithe chun gur féidir iad a rialú go maith.



Méadrachtaí

- Beidh suíomh Gréasáin feabhsaithe i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2022, agus 75% de charthanais ag tuairisciú go bhfuil an suíomh éasca le húsáid faoi dheireadh na bliana 2023.
- Beidh ábhair threorach foilsithe ar thopaicí nua agus, faoi dheireadh na bliana 2024, beidh athbhreithniú déanta ar gach treoidhoiciméad a bhí ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas an 1 Eanáir 2022.
- Faoi dheireadh na bliana 2024, áireofar leis na seimineáir a óstálann an Rialálaí Carthanas 3 sheimineár ar a laghad ina ndírítear ar thopaicí sonracha.
- Ó dheireadh na bliana 2022 i leith, beidh tuarascálacha á bhfoilsiú gach bliain ar chur chun feidhme an Chóid Rialachais do Charthanais agus ar shaincheisteanna coitianta.
- Beidh sé tuairiscithe ag 60% de na carthanais a ndearnadh suirbhé orthu gur thar a bheith maith nó go han-mhaith a bhíonn an chumarsáid ón Rialálaí Carthanas.



Gníomhartha

- An suíomh Gréasáin agus an tairseach a athstruchtúró chun iad a dhéanamh níos éasca le húsáid.
- Ábhair threorach nua a fhorbairt agus a fhoilsiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar ábhair atá ann cheana ar réimsí tosaíochta trí úsáid a bhaint as cás-staidéir agus as samplaí, nuair is cuí, agus trí iad a oiriúnú do mhéid agus castacht carthanas, nuair is gá.
- Úsáid a bhaint as faisnéis agus sonraí faoi chomhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanas chun saincheisteanna coitianta a shainaithint agus chun tuarascálacha ina leagtar amach saincheisteanna tábhachtacha a chur le chéile.
- Tionscnaimh spriocdhírthe chaidrimh le leas-sealbhóirí, lena n-áirítear ceardlanna agus suirbhéanna, a eagrú chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - A fháil amach cé chomh héifeachtach agus atá na cainéil chumarsáide atá ann cheana agus sainaithint a dhéanamh ar na modhanna trínar fearr le leas-sealbhóirí cumarsáid a dhéanamh leis an Rialálaí Carthanas.
- Bonn eolais a chur faoi na réimsí ábhair atá le cumhdach i seimineáir, in ábhair threorach agus i bhfaisnéis eile a fhoilseoidh an Rialálaí Carthanas.
- A chinntiú go mbeidh carthanas chláraithe ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá orthu agus faoin treoir ghaolmhar agus faoi na hábhair ghaolmhara atá ar fáil dóibh.
- Seimineáir spriocdhírthe a fhorbairt agus a sholáthar d'iarratasóirí agus do charthanas chláraithe ar shaincheisteanna éagsúla rialála, agus sinn ag obair i gcomhpháirt le saineolaithe eile, nuair is cuí.
- Pleananna sonracha cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme d'ábhair threorach ar leith, nuair is cuí.

Cuspóir Straitéiseach 4

Oibreoidh an Rialálaí Carthanas go héifeachtúil agus soláthróidh sé seirbhísí feabhsaithe.



Méadrachtaí

- Beidh an Tionscadal Neamhspleáchais Chomparáidigh críochnaithe, tríd is tríd, faoi dheireadh na bliana 2022.
- Beidh 95% de na hacmhainní riachtanacha foirne i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2022.
- Beidh méadracht maidir le rannpháirtíocht agus sástacht foirne i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2022 agus athbhreithneofar gach bliain í.
- Beidh athbhreithniú an Rialálaí Carthanas ar na córais TFC atá ann cheana críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2024.
- Beidh méadrachtaí maidir le sástacht custaiméirí i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2022 agus athbhreithneofar gach bliain iad.
- Beidh méadracht maidir le comhar riaracháin i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2022 agus athbhreithneofar gach bliain í.



Gníomhartha

- Leanúint lena chinntiú go ndéanfaidh an Bord agus a chuid coistí athbhreithniú rialta ar na caighdeáin rialachais chorparáidigh inmheánaigh atá leagtha amach sa Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus go ndéanfaidh an Rialálaí Carthanas idirchaidreamh rialta lena mháthair-roinn ar mhaithe le formhaoirseacht chuí a éascú.
- Obair i gcomhar le máthair-roinn an Rialálaí Carthanas ar a hathbhreithniú ar an Rialálaí Carthanas mar chuid den phróiseas Athbhreithnithe Thréimhsiúil Chriticiúil.
- An creat riachtanach eagraíochta a sholáthar chun sainchúram reachtúil agus tionscadal neamhspleáchais chorparáidigh an Rialálaí Carthanas a chomhlíonadh trí na nithe seo a leanas a fhorbairt agus a chur chun feidhme:
 - plean acmhainní daonna, chun a chinntiú go mbeidh ag an Rialálaí Carthanas lánsoláthar foirne ag a bhfuil na scileanna cuí agus an saineolas cuí chun an straitéis seo a chomhlíonadh.
 - feidhm acmhainní daonna a bhfuil acmhainní cuí aici, lena n-áirítear Córas Faisnéise Acmhainní Daonna/Párolla/Pinsin
- Forbairt a dhéanamh ar mhéadracht maidir le rannpháirtíocht agus sástacht foirne agus faireachán a dhéanamh ar an méadracht sin
- gach bliain agus gníomhartha sonracha a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar leibhéil rannpháirtíochta agus sástachta i measc bhaill foirne an Rialálaí Carthanas.
- Cur chuige a cheapadh i leith bainistíocht agus forbairt feidhmíochta trí thionscnaimh foghlama agus forbartha atá deartha go sonrach do bhaill foirne an Rialálaí Carthanas, áit a ndíreofar ar na príomhscileanna a theastaíonn uathu chun dualgais ábhartha a chur i gcrích agus chun forbairt ina ról.
- Forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar shamhail oibre athbhreithnithe ina gcuirfear cianobair san áireamh ar aon dul le cuspóirí eagraíochta agus le beartais náisiúnta agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais fheabhsaithe ghaolmhara maidir le hacmhainní daonna/daoine agus ar nósanna imeachta tacaíochta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais TFC atá ag an Rialálaí Carthanas faoi láthair agus measúnú a dhéanamh ar a mhéid a fheastalaíonn na córais TFC ar fáil don Rialálaí Carthanas ar na riachtanais sin agus ar a mhéid atá cumas acu oiriúnú do riachtanais ar dóigh dóibh teacht chun cinn amach anseo.
- Feabhsuithe a shainaitheint agus a chur chun feidhme i bpróisis chinnteoireachta rialála¹⁹

6. Ár nDul Chun Cinn a Rianú agus Tuairisc a Thabhairt Air

Déanann an Bord agus a chuid Coistí formhaoirseacht ar oibríochtaí an Rialálaí Carthanas. Tacaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an obair sin tríd an eolas is deireanaí a thabhairt go rialta faoi gach ní airgeadais agus oibríochtúil.

Rianóimid ár ndul chun cinn ar na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo agus tabharfaimid tuairisc air trí na nithe seo a leanas:

- Pleananna bliantúla gnó a bheidh ailínithe le cuspóirí straitéiseacha an Rialálaí Carthanas.
- An t-eolas is deireanaí a thabhairt go rialta do Bhord an Rialálaí Carthanas ar spriocanna plean gnó.
- Comhaontú Formhaoirseachta agus Dearbhaithe idir an Rialálaí Carthanas agus a mháthair-roinn.
- Tuarascálacha Bliantúla an Rialálaí Carthanas.
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Suirbhéanna ar an bPobal agus ar Charthanas.
- An t-eolas is deireanaí a thabhairt do leas-sealbhóirí ag cruinnithe, ag seimineáir agus ag ócáidí labhartha eile agus trí fhógraí poiblí agus faisnéis eile a fhoilsiú ar ár suíomh Gréasáin.



7. An Dóigh a Rannchuideoimid le Beartais agus Straitéisí Náisiúnta a Chomhlíonadh

Oibreoimid i gcomhar lenár máthair-roinn agus í ag comhlíonadh a cuspóirí beartais i ndáil leis an earnáil carthanas a rialáil, á chinntiú go gcomhlíonfar na hAchtanna Carthanas agus straitéisí tábhachtacha eile, lena n-áirítear an Straitéis Cúig Bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach in Éirinn 2019-2024, an Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019-2022, agus an Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta.

Ag aithint dúinn go bhfuil ról le himirt againn go léir maidir le comhlíonadh ghealltanais na hÉireann i leith ‘Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe’, mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, aithnímid an rannchuidiú ar leith is féidir le carthanais chláraithe a dhéanamh, agus a dhéanann siad i ndáiríre, maidir le cabhrú linn na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Déanann carthanais ar fud na hÉireann a gcuid féin chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus náisiúnta i raon leathan réimsí, lena n-áirítear tithíocht, bochtaineacht, idirdhealú, sláinte agus leas, óg-dhífhostaíocht, forbairt uirbeach agus tuaithe, cosaint na timpeallachta nádúrtha, agus an t-athrú aeráide. Rannchuideoimid leis an bPlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trína chinntiú go mbeidh an fhorghairseacht agus an mhaoirseacht rialála a dhéanaimid ar charthanais chláraithe comhréireach agus éifeachtach agus go spreagfaidh an fhorghairseacht agus an mhaoirseacht sin an dea-chleachtas ó thaobh rialachais de ionas gur féidir le carthanais leanúint lena gcuspóirí carthanúla a chur ar aghaidh i réimsí a bhaineann le gnóthú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Oibreoimid go dlúth le ranna rialtais, le comhlachtaí poiblí agus le gníomhaireachtaí, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, an Garda Síochána, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, Pobal agus an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a bunaíodh le déanaí chun a chinntiú go mbainfear an chuid is fearr as na deiseanna atá ann le haghaidh comhoibriú agus go leanfar leis na socruithe comhair riaracháin a bheartaítear leis an Acht Carthanas 2009 a fhorbairt agus a chur chun feidhme nuair is féidir.

Leanfaimid le dlúthchaidrimh oibre a chothú le rialálaithe carthanas i ndlínsí eile chun eispéiris agus an dea-chleachtas ó thaobh rialáil carthanas de a chomhroinnt, chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a shainathint agus chun coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí reachtacha. Leanann na caidrimh sin le ról tábhachtach a imirt maidir leis an tuiscint atá againn ar na saincheisteanna atá roimh rialálaithe agus roimh charthanais i gcoitinne. Cumasaíonn sé sin dúinn dul i dteagmháil leis an lucht déanta beartas ar leibhéal náisiúnta, go háirithe ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn. Tá ár gcuidreamh lenár gcomhghleacaithe sa Choimisiún Carthanas do Thuaisceart Éireann tábhachtach go háirithe i gcomhthéacs carthanas a bhíonn ag seoladh gníomhaíochtaí ar bhonn uile-oileáin. Déanfaimid dianiarracht a chinntiú go mbeidh an caidreamh sin bunaithe ar shocruithe cuí comhair riaracháin, ar aon dul leis an Acht Carthanas 2009.

Agus ár n-inniúlachtaí digiteacha á bhforbairt tuilleadh againn, lena n-áirítear i ndáil leis an gClár Carthanas, féachfaimid le rannchuidiú leis an bhfís atá leagtha amach i ‘Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023’ a chomhlíonadh, is é sin: “Éiceachóras sonraí a bhunú a chuirfidh feabhas ar an dóigh a ndéanaimid sonraí a rialú, a bhainistiú agus a athúsáid ar bhealach slán, éifeachtúil agus trédhearcach chun tairbhe do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus don lucht déanta beartas”. Mar gheall ar a ríthábhachtaí atá slándáil líonraí agus córas dár soláthar seirbhíse, féachfaimid freisin le tacú le Straitéis Cibearshlándála Náisiúnta na hÉireann 2019-2024 trí chloí le haon chaighdeán slándála bhonnlíne arna n-eisiúint ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus trí chabhrú le faisnéis a scaipeadh ar charthanais chláraithe mar chuid d’aon fheachtas náisiúnta faisnéise cibearshlándála.

Agus sinn ag obair chun an Rialálaí Carthanas a fhorbairt ina eagraíocht éifeachtach éifeachtúil, leanfaimid le haird a thabhairt ar an doiciméad ‘Ár Seirbhís Phoiblí 2020’, creat an rialtais le haghaidh forbartha agus nuálaíochta sa tseirbhís phoiblí, agus ar aon chreat a thiocfaidh i gcomharbas air. Cinnteoimid freisin go rachaimid i dteagmháil le baill foirne agus le húsáideoirí seirbhíse ar aon dul leis an ‘Dualgas Earnála Poiblí’ atá orainn idirdhealú a dhíothú, comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn, agus cearta an duine atá ag baill foirne agus acu sin a soláthraímid seirbhísí dóibh a chosaint.

Agus sinn ag obair chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, déanfaimid dianiarracht freisin rannchuidiú le comhlíonadh a dhéanamh ar ghealltanais ábhartha a bhaineann leis an earnáil phoiblí, mar atá leagtha amach sa doiciméad ón Rialtas dar teideal ‘Cianobair a Chumasú – An Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair’.



An Rialálaí
Carthanas
Charities
Regulator

Ráiteas Straitéise 2022 – 2024, Rev 000

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0
Teileafón: 01 633 1500
www.charitiesregulator.ie
© An Rialálaí Carthanas 2021